Litir an Phiarsaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi litir a scríobh Pádraig Mac Piarais agus faoi thaispeántas nua digiteach an Éirí Amach. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

> Cén t-eolas atá agat faoi Phádraig Mac Piarais agus faoin ról a bhí aige in Éirí Amach na Cásca 1916?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

confirmed _____
before he ceded _____
on auction _____
famous people _____
repository _____
commemorate _____
disappointment and surprise _____
located, settled _____
to conserve _____
surrender notice _____

Féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Déan cur síos ar na nithe seo a luadh sa mhír:

   Litir an Phiarsaigh
   Campa Frongoch

2. Cad a bhí le rá ag na daoine seo?

   Raghnall Ó Floinn
   Áine Ní Mhuirí
   An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh

3. Cén fáth nach gceannóidh an Stát an litir?

Ceist 4 Cuir na hainmfhocail atá idir lúibíní, agus a bhí le cloisteáil sa mhír, sa tuiseal ginideach.

Arm (an Bhreatain) _____
tar éis (an tÉirí Amach) _____
Tuaisceart (an Bhreatain Bheag) _____
Éirí Amach (an Cháisc) _____
Ard-Mhúsaem (Éire) _____
Ollscoil (an Réabhlóid) _____

Éist leis an tuairisc arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 5 *'…**sheol** Taisclann Dhigiteach na hÉireann…'*

Bain úsáid as na briathra rialta thíos chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite a mhíniú.

seol
coinnigh
admhaigh
foghlaim

Ceist 6 *'…idir an dá linn…'*

Tá a lán nathanna cainte i nGaeilge a bhfuil an focal 'idir' iontu. Cuir na cinn seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

idir dhá thine Bealtaine
idir dhá chomhairle
idir dáil agus pósadh
idir an dá sholas

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

confirmed	deimhnithe
before he ceded	sular ghéill sé
on auction	ar ceant
famous people	daoine iomráiteacha
repository	taisclann
commemorate	comóradh a dhéanamh
disappointment and surprise	díomá agus iontas
located, settled	lonnaithe
to conserve	le caomhnú
surrender notice	fógra scoir

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

Arm (an Bhreatain)	Arm na Breataine
tar éis (an tÉirí Amach)	tar éis an Éirí Amach
Tuaisceart (an Bhreatain Bheag)	Tuaisceart na Breataine Bige
Éirí Amach (an Cháisc)	Éirí Amach na Cásca
Ard-Mhúsaem (Éire)	Ard-Mhúsaem na hÉireann
Ollscoil (an Réabhlóid)	Ollscoil na Réabhlóide

Ceist 5
- ✓ Baintear úsáid as an dara pearsa uatha sa mhodh ordaitheach chun an aimsir chaite a chumadh: *seol, coinnigh, admhaigh agus foghlaim.*
- ✓ Séimhítear na briathra a thosaíonn le consan: *sheol mé, choinnigh siad.*
- ✓ Cuirtear **d'** roimh bhriathra a thosaíonn le guta: *d'admhaigh sé, d'admhaigh tú.*
- ✓ Cuirtear **d'** roimh bhriathra a thosaíonn le **f** freisin agus séimhítear an **f**: d'fhoghlaim siad, d'fhoghlaim sí.
- ✓ Baintear úsáid as an mír cheisteach **ar** chun ceisteanna san aimsir chaite a chumadh: *ar sheol sé? ar choinnigh tú? ar admhaigh siad? ar fhoghlaim sí?*
- ✓ Baintear úsáid as an mír dhiúltach **níor** san aimsir chaite: *níor sheol, níor choinnigh, níor admhaigh, níor fhoghlaim.*
- ✓ Ní bhaineann na rialacha thuas ach leis na briathra rialta amháin.

Ceist 6
idir dhá thine Bealtaine – *in a dilemma*
idir dhá chomhairle – *unsure*
idir dáil agus pósadh – *engaged to be married*
idir an dá sholas – *at twilight*

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá sé deimhnithe ag an Taoiseach sa Dáil nach bhfuil sé i gceist ag an rialtas litir a scríobh Pádraig Mac Piarais, sular ghéill na hÓglaigh d'Arm na Breataine i 1916, a cheannach. Thug an Taoiseach le fios go raibh an praghas a bhí á lorg ar an litir ró-ard. Tá an litir le cur ar ceant amárach. Agus seoladh taispeántas nua digiteach inniu faoi champa Frongoch sa mBreatain[1] Bheag, áit ar coinníodh go leor de na hÓglaigh tar éis an Éirí Amach.

Peadar Mac Gaoithín
Thart ar 1,800 Éireannach a seoladh chuig campa Frongoch i dTuaisceart na Breataine Bige i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, daoine iomráiteacha ar nós Mhíchíl Uí Choileáin ina measc. In Ard-Mhúsaem na hÉireann inniu, sheol Taisclann Dhigiteach na hÉireann sraith úr de thaispeántais ar líne le comóradh a dhéanamh ar na príosúnaithe sin agus an seal a chaith siad sa phríosún, ar a tugadh Ollscoil na Réabhlóide.

Raghnall Ó Floinn, Stiúrthóir, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Tá grianghrafanna[2], tá scríbhinní fianaisí léirithe [ann]. Tá leabhrán [ann]…ceann de na rudaí is suimiúla ná na leabhráin inar scríobh daoine a gcuid[3] ainmneacha, scríobh siad giota beag de dhán, nó b'fhéidir pictiúr de shaol sa champa.

Áine Ní Mhuirí, Gaol le hImthreorannaí
Mo sheanathair, Mortimer O'Connell, tá litir againn a sheol sé chuig mo sheanmháthair, ag rá den chéad uair go raibh sé i ngrá léi. Agus tá an litir a sheol sise chuige in Frongoch againn freisin, ag rá go nglacfadh sí leis an bpósadh.

Peadar Mac Gaoithín
Idir an dá linn tá díomá agus iontas léirithe ag úinéir na litreach deireanaí a scríobh Pádraig Mac Piarais le linn Sheachtain na Cásca, go gairid sular ghéill sé don Bhriogáidire-Ghinearál William Lowe, nach bhfuil an litir á ceannach ag an Stát. Tá an litir le díol ar ceant amárach ar threoirphraghas de idir milliún agus milliún go leith euro. Deirtear gur mhaith leis an úinéir, atá lonnaithe thar lear, go gceannódh an Stát an litir le caomhnú do na glúnta le teacht.

An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, Ollamh le Stair
Tá an chéad fhógra scoir a cuireadh amach thall i Londain san Imperial War Museum agus d'fhéadfadh sé tarlú dá réir go mbeidh an dá fhógra oifigiúla a chuir…a scoir an tÉirí Amach, go mbeidh siad anois lonnaithe taobh amuigh d'Éirinn, agus is mór an trua é sin.

Peadar Mac Gaoithín
Dúirt an Taoiseach sa Dáil tráthnóna nach bhfuil sé i gceist ag an Stát an litir a cheannach toisc, a dúirt sé, go bhfuil an costas ró-ard.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] *grianghraif* an leagan caighdeánach
[3] *a chuid* a deirtear